

# LUX

3 SCANNÁN  
24 THEANGA  
28 dTÍR

# FILM

# DAYS

**MA VIE DE COURGETTE**  
**(MO SHAOL MAR CHÚIRSÉAD)**

Claude Barras  
An Eilvéis, an Fhrainc



**LUX**  
**FILM PRIZE**  
TÁ PARLAIMINT NA hEORPA  
TIOMANTA DO CHULTÚR

ye10  
ars



Parlaimint na hEorpa

# MA VIE DE COURGETTE

## Mo shaol mar Chúirséad

### SCANNÁN BEOCHANA LE CLAUDE BARRAS

Ní glasa é Cúirséad, is gasúr beag cróga é. Síleann sé go bhfuil sé leis féin ar an tsaol nuair a cailltear a mháthair. Ach ní chuireann sé san áireamh na daoine a gcasfaidh sé orthu ar an tsaol nua san áras leanaí, Simon, Ahmed, Jujube, Alice agus Béatrice: tá a scéal féin ag gach duine acu agus tá siad idir shearbh agus chroíúil. Agus ansin tá an cailín sin, Camille. Nuair atá tú 10 mbliana d'aois, scata cairde agat, agus titeann tú i ngrá, is iomaí rud atá le fáil amach agus le foghlaim ... Agus cad chuide nach mbeifeá sona fiú.

Is cóiriú é an scannán seo ar úrscéal, agus ar lucht féachana mór atá sé dírithe. Ní hionann é agus an chuid is mó de scannánaíocht don aos óg mar gheall ar a aeistéitice atá difriúil (is fíoracha na súl mór cruinn iad seo agus iad beoite) ach go háirithe mar gheall ar an dóigh a bhfaigheann sé plé le hábhair thromchúiseacha le modhúlacht mhór. "Tá dánacht de dhíth chun a rá gur sárscannán do pháistí é seo", a admhaíonn Céline Sciamma (*Tomboy* agus *Girlhood*, san iomaíocht don DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX i 2014) a raibh an cúram uirthi an scríobh.

### TEANNAS IDIR COSÚLACHT AGUS CUSPÓIR

Ar an gcéad dul síos, tá cuma scannáin do pháistí ar *Ma vie de Courgette* (*Mo shaol mar Chúirséad*): is seánra é an scannán beochana a cheanglaítear go mór le lucht féachana óg. Anseo, ní bhréagnaíonn na carachtair lena gcloigeann rómhór agus lena súile móra cruinne an bharúil sin, go háirithe ós gasúr 9 mbliana d'aois é an príomhcharachtar. Tá an domhan físe ina dtiteann sé amach daite go leor, tá gruaig ghorm ar Chúirséad féin. Tá na carachtair éagsúla cruthaithe ar an múnla chéanna, imrítear na héagsúlachtaí ar leibhéal na ndathanna, na dtoirteanna, na nguthanna agus na mionghnéithe a léiríonn an phearsantacht, uaireanta ar mhodh cineál scigphictiúrtha: spéaclaí Madame Papineau (bainisteoir an árais), colm Simon, dlaoi fhionn Alice a fholáíonn a haghaidh.

Ach tagtar salach cheana féin ar an gcosúlacht seo den lipéad "scannánaíocht do pháistí": ó na chéad nóiméid, leoga, feictear dúinn go bhfuil ábhar agus meon an scannáin á chur i gcatagóir i bhfad ó na cineálacha scannáin a dhéantar go hiondúil do pháistí: braitheann máthair Chúirséad ar an teilifís léi féin, í ag ól beorach (agus na cannaí ar rolladh ar an urlár) agus ag tabhairt a barúla faoin gclár trí fhocail dhíomácha faoi na fir ("Bréagadóir!" a deir sí leis an aisteoir a gheallann a ghrá don bhan-aisteoir). Cúirséad féin, fáinní gorma timpeall ar a shúile mar scáileanna nach bhfuil baint acu lena aois, bailíonn sé cannaí folmha le himirt san áiléar agus le cur i gceann a chéile. Ach nuair a thiteann tú na gcannaí, cuireann an callán agus an prácas isteach ar a mháthair agus scairteann sí ar a mac agus tagann sí aníos chuig an áiléar ag bagairt greasála air ...

Léiríonn an chéad sraith eile seo go héifeachtach mar atá an scéal: ar ndóigh tá muid ag déanamh gur thréig fear mháthair Chúirséad í agus gur chuir a héadóchas ar an ól í. B'fhéidir gurb é a gráin ar na fir ar fad nó an t-olc atá aici ar a fear céile bradach a ídíonn sí ar a mac, a bhfuil sí ar tí a bhualadh ar son mionpheaca. Agus is cosúil gur gnáthnós aici é seo.

Ach más drochscéal féin atá ann, rachaidh sé in olcas. Tá eagla ar Chúirséad roimh na buillí agus mar sin druideann sé comhla an áiléir a bhualann cloigeann a mháthair agus titeann sí síos an staighre dá bharr sin. Dearbhaíonn an tsraith eile ina dhiaidh sin an t-amhras is measa de chuid an lucht féachana: an raibh a mháthair cineálta leis agus, nuair a fhiafraíonn sé de faoin athair, taispeánann Cúirséad a eitleog, ar tharraing sé pictiúr dá athair uirthi, mar aon le pictiúr de chearc, "cearc m'athar" a deir sé, ag lua fhocail a mháthar ...





Ní thuigeann Cúirséad óg — ní go comhfhiosach ar aon nós — nach fíorchearc í cearc a athar, ach is léir go dtuigeann an breathnóir fásta as gur imigh an t-athair le bean eile. Is dubh dorcha greann an radhairc, nach n-aithníonn ach an lucht féachana fásta.

Mar sin leagtar amach ábhar an scannáin sna chéad nóiméid féin: *Ma vie de Courgette* (*Mo shaol mar Chúirséad*); cosúil le scannán do pháistí, agus leoga thig le páistí féachaint air, nó cuireann sé dearcadh an pháiste in iúl, ach ar dhaoine fásta atá sé dírithe fosta.

## NA SÚILE MÓRA CRUINNE

Is é an locht a bhíonn ar scannáin don aos óg uaireanta ná go mbíonn siad róshimplí nó scigphictiúrtha, fiú mainicéasaíoch. In *Ma vie de Courgette* (*Mo shaol mar Chúirséad*); is cinnte go bhfuil codarsnacht shoiléir idir an dea-dhaoine agus na drochdhaoine (*Raymond póilín in aghaidh aintín Chamille*) ach má tá nós againn breith a thabhairt go gasta, nó fiú a bheith réamhchlaonta (mar Ahmed a dhoirteann uisce go minic ar chloigeann Raymond “mar is póilín é”, nó mar an bhean ag an tsléibh a chuireann gadaíocht agus bréagadóireacht i leith Ahmed, gan amhras mar gheall air gurb as an Afraic Thuaidh é ó bhunús), forbraíonn an scannán dioscúrsa níos coilchúisí mar sin féin.



Mar sin, aithnítear go luath gurb é Simon (colm ar a éadan, geansaí maisithe le blaosc mairbh, meon sotalach) boc mór an árais a chiapfaidh Cúirséad: bíonn sé ag spochadh as, tarraingíonn sé siar an chathaoir a bhfuil sé ar tí suí uirthi, deir sé “Fáilte go carcair, a phleidhce” leis, rud a bhfuil cuma na bagartha air. Ach i ndiaidh troda idir an bheirt ghasúir, is é Simon a scairteann ar Chúirséad agus a théann ar aghaidh le caidreamh a chur ar bun leis, ag nochtadh dó an fáth a bhfuil gach páiste san áras ansin. Ina dhiaidh sin, fiú mura scoireann sé riamh den mheon míréireach seo (tá ballaí an árais breactha lena chuid graifítí “blaosc mairbh”), feictear go gceileann a iompar mar “duine mór a chuireann isteach ar na daoine beaga” carachtar eile, mar atá an deartháir mór dea-mhéineach. Mar sin tugann sé do Camille deas éalú óna haintín olc, agus go háirithe, i ndiaidh do Chúirséad agus Camille imeacht, is eisean a treoraíonn na páistí beaga, nuair is léir go bhfuil sé trína chéile: “déanfaimid



rás agus an duine is déanaí a chríochnóidh, nífidh sé mo chuid fobhrístí fad a mhairfidh sé”. Sa dúshlán seo a chuireann sé faoi na páistí, feictear an chastacht go léir atá ann i mothúcháin Simon: an brón faoi imeacht a chairde, an fheasacht nach n-uchtófar é féin choíche, an fonn go scaoile na páistí is lú tharstu an scéal, an toil a thuiscint a fholú ar chúl bagartha “bréige”, agus faoi dheireadh uaigneas mór. Is amhlaidh go bhfuil Simon díreach idir an óige agus an aosacht.

Tá dearcadh teasctha ag páistí an árais ar an aosacht, de bharr a dtaithí féin: Chonaic Cúirséad a athair á thréigean agus ag tréigean a mháthar, agus ansin ise a d’imigh ar an ól; dhéanadh athair Alice mí-úsáid ghnéis uirthi; chonaic Simon a thuismitheoirí ag tógáil drugaí “an t-am ar fad”, ag amharc ar scannáin phornagrafacha, agus an lá atá inniu ann faigheann sé bronntanais óna mháthair, tríd an bpost agus gan fiú focal leo; bhí Jujube ina chónaí in aontíos le máthair chraiceáilte ar fad; chonaic Camille a hathair ag marú a máthar agus ansin é féin. Maidir le Ahmed agus le Béa, chonaic siadsan eisiámh a dtuismitheoirí ó shochaí na Fraince: tá athair Ahmed sa charcair mar go ndearna sé “robáil armtha ag stáisiún peitрил le hóc as a chuid Nike” agus díbríodh máthair Béa. Is beag an t-iontas mar sin go leathann siad a súile móra cruinne nuair a thagann siad ar mhúnlá eile. Mar sin, nuair a fhógraíonn Rosy dáileadh na bpóg ag am luí, níor tháinig le Cúirséad deireadh iontais a dhéanamh de ... Ar an tsléibh, nuair a fheiceann páistí an árais gasúr beag a thit agus a mháthair ag tabhairt sólais dó, déantar staic diobh agus na súile ag dul thar na mogaill orthu. “Nach deas í a mháthair” a deir duine acu. “Ní féidir gurb a mháthair atá inti” a fhreagraíonn duine eile acu. Is cosúil nach n-aithníonn siad an beart sólasach seo, atá lán mánlachta agus geana, agus tá amhras orthu go mbeadh máthair in ann a dhéanta. Mar an gcéanna, tá suim acu sa chaidreamh grá idir Rosy (an t-oideoir) agus Monsieur Paul (an bunmhúinteoir) ó thaobh na gné gnéasá

de, agus féachann siad le ciall a bhaint as. Míníonn Cúirséad “níl ann ach go bhfuil siad i ngrá: Teannann sé lena ucht í nó tá eagla air go n-imeoidh sí”. Tá a fhios ag Cúirséad gan amhras ós rud é gur thit sé féin i ngrá le Camille.

## BEAGÁN AR BHEAGÁN, AG TEACHT ANIAR


Fulaingíonn na páistí seo ón áras, a bhfuil taithí dheacair acu, ar ndóigh, agus tá an fhulaingt seo le feiceáil, a bheag nó a mhór, sna héifeachtaí a tháirgeann sí. Déanann Ahmed mún sa leaba; téann cosa Alice i bhfostú i rith chluiche na leaistice agus téann sí “i mód creatha” nuair a éiríonn easaontas ina comhlúadar (tosaíonn sí ag crith agus ag bualadh a sceanra in aghaidh a pláta); Scairteann Béa “mhamaí” nuair a chluineann sí fuaim gluaisistéin; mar a dúradh cheana, ceileann Simon é féin i ndiaidh phearsa an fhir chrua bhig; ní éiríonn Jujube as ithe; folaíonn Camille í féin i gcófra ...

Ach nuair a bhaintear na páistí amach as a dtimpeallacht ghangaideach, atógann siad iad féin de réir a chéile agus meastar é sin trí chomharthaí beaga. Níl cuimhneachán ar bith dá mháthair ag Cúirséad ach canna beorach folamh agus déanann sé bád beag de sin le bronnadh ar Chamille. Mar sin as cuimhneachán suarach de cheangal suarach déantar siombal deas de ghaol nua atá i bhfad níos sásúla. Faoi dheireadh cuimhníonn Ahmed, ar chuir máthair na girsí sna sléibhte cóir bhréige air, ar bheart fial na girsí a thug a spéaclaí sciála dó agus ní fhágann sé níos mó iad! Déanann Alice iarracht a curriarracht léime ar an mball a shárú dá gluaiseachtaí neirbhíseacha. Meastar an forás mall seo ó shaol cruu go saol suaimhneach sona sna marcanna a chuirtear ar an mballa chun airde na bpáistí a rianú. Nuair a thugann Cúirséad cuairt arís, in éineacht le Raymond agus Camille, ar an árasán mar a mbíodh sé ina chónaí am a mháthar, is ionann na marcanna agus trámaí (an lá ar theip orm ar scoil; an lá ar imigh daidí ...), ach tigh Raymond, is ionann na marcanna agus ócáid áthais: “an lá ónar sibh mo pháistí-se”.

Críochnaíonn an scannán le litir a chuir Cúirséad chuig Simon. Beagán i ndiaidh do Chúirsead teacht chuig an áras, nocht sé siúd scéal gach páiste dó, ag rá ansin “Níl duine ar bith eile a mbeadh grá aige dúinn”. Ach scríobhann Cúirséad chuige nach raibh an ceart aige agus nach ndearna sé agus Camille dearmad airsean ná ar pháistí eile an árais ... Ach seachas an teachtaireacht seo, b’fhéidir gur mó an léargas a thugann an comhrá idir Cúirséad agus Camille an oíche dheireanach ar an tsléibhe. Smaoiníonn an buachaill ar a mbeadh i ndán dó dá raibh sé lena mháthair (beoir agus teilifís ...) agus tá áthas air gur sheachain sé é sin. Maidir le Camille, is fearr léi bheith in aontíos leis na páistí agus le foireann an árais fosta ná lena haintín. Agus ina theannta sin, murach Les Fontaines, ní chasfaidís riamh ar a chéile ...

Mar sin, cuireann an scannán seo do pháistí ceisteanna ríthábhachtacha ar dhaoine fásta: cén múnla a sholáthraíonn muid dár gclann? An timpeallacht ina dtógann muid ár gclann, an í an timpeallacht is fearr í chun a bhforbartha suaimhní? Cén tionchar atá ag corraí, frustrachas, suim na ndaoine fásta ar pháistí?

Ar deireadh, i gcomhthéacs an teannais faoin bpósadh do chách, cuir i gcás, áitíonn an scannán go láidir agus go deaslabhartha nach gá gurb é an teaghlach traidisiúnta (athair agus máthair) an áit is fearr a spreagann teacht i mbláth na bpáistí. Uaireanta bíonn athracha agus máithreacha neamhinniúil, mí-aireach, foréigineach, neamhláithreach ... Ní hé an ról, an stádas nó an tuismitheoireacht an rud is tábhachtaí, ach an ceangal agus an dóigh a chuirtear i bhfeidhm é.





## ÁBHAR MACHNAIMH

Tá na daoine fásta sa scannán roinnte a bheag nó a mhór idir dea-dhaoine agus drochdhaoine. Ach tá roinnt acu nach féidir iad a chur sna catagóirí seo, go háirithe i ndearcadh a gclainne, dearcadh a dtiocfadh leis athrú freisin. Cuir i gcás an méid a deir Cúirséad nó an méid a thugann sé le tuiscint faoina mháthair. Cén chiall atá le baint as an bpictiúr ar an eitleog dá athair mar shárlaoch (le masc agus cába agus uile)? Cén chiall atá le baint as freagairt Béa nuair a tháinig a máthair ar ais? Agus cad faoi athair Ahmed atá sa charcáir toisc go ndearna sé robáil armtha “ag stáisiún peitrl le hóc as a chuid Nike”?

Ar an turas chuig an aonach siamsaíochta, mar a dtugann Raymond Cúirséad agus Camille, tá dhá rud a sheasann amach: traen na dtaibhsí agus an raon lámhaigh. Dar leat go bhfuil ciall éagsúil ag baint le cluichí ina scanraítear nó ina lámhachtar do pháistí a bhfuil taithí acu ar an eagla agus ar an bhforéigean?

Caithfidh na scannáin do pháistí na daoine fásta a mhealladh fosta, nó is iadsan a thugann na páistí chuig an bpictiúrlann agus caithfidh go mbaine siadsan sult astu fosta nó mura mbaineann ní thabharfaidís iad ann a thuilleadh! Is minic é seo i bhfoirm dara léimh, déanta de leideanna agus de thagairtí. Níl sé seo i gceist le *Ma vie de Courgette (Mo shaol mar Chúirséad)*. An bhfuil a fhios agat ar scannán eile “teaghlaigh” a bhfuil an cháilíocht seo aige a spreagann fíor-roinnt idir tuismitheoirí agus páistí, seachas dhá léamh éagsúla a thairiscint? Cé hiad?

les grignoux



## 10mBLIANA DE SCANNÁNAÍOCHT EORPACH DO MHUINTIR NA HEORPA

Is mór ag Parlaimint na hEorpa na trí scannán atá san iomaíocht do DHUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX 2016 a chur i láthair:

**À PEINE J'OUVRE LES YEUX (Ar oscailt mo shúile)**, scannán le Leyla Bouzid An Fhrainc, an Túinéis, an Bheilg, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha)

**MA VIE DE COURGETTE (Mo shaol mar Chúirséad)**, scannán le Claude Barras An Eilvéis, an Fhrainc

**TONI ERDMANN**, scannán le Maren Ade An Ghearmáin, an Ostair, an Rómáin

Déanfar na scéalta ilghnéitheacha seo, ar saothair iad a léiríonn an dúthracht agus an chruthaitheacht gan teorainn atá á léiriú ag stiúrthóirí tréitheacha óga scannán san Eoraip, a thaispeáint le linn an 5<sup>ú</sup> eagrán de Laethanta Scannáin LUX.

### DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX

Tá ról bunúsach ag an gcultúr sa chaoi a gcruthaítear ár sochaí.

Mar gheall air sin, chuir Parlaimint na hEorpa tús le DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX in 2007 chun cur le dáileadh scannán Eorpach ar fud na hEorpa agus díospóireacht agus plé ar dheacrachtaí móra na sochaí a spreagadh.

Is tionscnamh eisceachtúil é DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX. Ós rud é nach mbíonn an chuid is mó de na comhléiriúcháin Eorpacha le feiceáil ach amháin sa tír ina ndearnadh an scannán agus gur fíorannamh a dháiltear in aon áit eile iad, fiú amháin laistigh den Aontas Eorpach, is deis neamhchoitianta atá in DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX chun fotheidil 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh a chur ar thrí scannán Eorpacha.

Caithfidh Feisirí Parlaimint na hEorpa vóta chun buaiteoir DHUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX a roghnú agus an 23 Samhain 2016 fógrófar cé acu scannán a thug an chraobh leis.

### LAETHANTA SCANNÁIN LUX

Saolaíodh LAETHANTA SCANNÁIN LUX do DHUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX chomh maith. Ó 2012 i leith, cuirtear na trí scannán atá san iomaíocht do DHUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX i láthair do phobal Eorpach is mó le linn LAETHANTA SCANNÁIN LUX.

Trí LAETHANTA SCANNÁIN LUX, tugtar cuireadh duit eispéaras cultúrtha dodhearmadta a thaití a thrasnaíonn teorainneacha. Ó mhí Dheireadh Fómhair go mí na Nollag 2016, beidh tú in ann teacht le chéile le cinfiligh ó gach cearn den Eoraip ag féachaint ar theilgean de *À peine j'ouvre les yeux (Ar oscailt mo shúile)*, *Ma vie de Courgette (Mo shaol mar Chúirséad)* agus *Toni Erdmann* i gceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh. Ná déan dearmad vóta a chaitheamh don scannán is fearr leat ar ár láithreán gréasáin luxprize.eu nó ar ár leathanach Facebook.

### AN tAITHEANTAS POBAIL

Is é an tAitheantas Pobail an gradam a dhámhann an lucht féachana i nDUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX. Ná déan dearmad vóta a chaitheamh do *À peine j'ouvre les yeux (Ar oscailt mo shúile)*, *Ma vie de Courgette (Mo shaol mar Chúirséad)* agus *Toni Erdmann*! B'fhéidir go roghnófar thú chun freastal ar fhéile idirnáisiúnta scannánaíochta Karlovy Vary i mí Iúil 2017 — le cuireadh ó Pharlaimint na hEorpa — agus chun teideal an scannáin a gheobhaidh an t-aitheantas pobail a fhógairt.

## FÉACH, PLÉIGH & VÓTÁIL



@luxprize



#luxprize

LUX  
PRIZE  
.EU

**STIÚRTHÓIR:** Claude Barras

**CNÁMHA SCÉIL:** Céline Sciamma

**CINEAMATAGRAFAÍOCHT:** David Toutevoix

**STIÚRTHÓIR BEOCHANA:** Kim Keukeleire

**CEOL:** Sophie Hunger

**LÉIRITHEOIRÍ:** Max Karli, Pauline Gygax,  
Aremelle Glorennec, Eric Jacquot, Marc Bonny

**LÉIRIÚCHÁN:** Rita Productions, Blue Spirit  
Productions, Gebeka Films, KNM, Radio  
Télévision Suisse, SRG SSR, Rhône-Alpes  
Cinéma, France 3 Cinéma, Helium Films

**BLIAIN:** 2016

**FAD:** 75'

**SEÁNRA:** Beochan

**TÍR:** An Eilvéis, an Fhrainc

**BUNLEAGAN:** Fraincis



